



# An Garda Síochána

## Cáipéis Bheartais

### Cúltaca an Gharda Síochána

---

Dáta Éifeachtach	10 Eanáir 2023
Leagan Uimh.	1.0
Faofa ag	Feidhmeannacht an Gharda Síochána
Arna thabhairt isteach ag	Treoir 001/2023 ón gCeannteathrú
Úinéir an Bheartais	An Coimisinéir Cúnta, Póilíníú Bóithre agus Rannpháirtíocht sa Phobal

## Clár an Ábhair

1.	<b>Réamhrá .....</b>	<b>3</b>
2.	<b>Scóip .....</b>	<b>3</b>
3.	<b>Ráiteas Beartais.....</b>	<b>3</b>
4.	<b>Téarmaí agus Sainmhíniú Ábhartha.....</b>	<b>3</b>
5.	<b>Róil agus Freagrachtaí Garda Cúltaca .....</b>	<b>4</b>
6.	<b>Róil agus Freagrachtaí Céimeanna eile .....</b>	<b>6</b>
7.	<b>Forbairt Ghairmiúil Leanúnach Roinne .....</b>	<b>8</b>
8.	<b>Bainistíocht Feidhmíochta .....</b>	<b>8</b>
9.	<b>Caighdeán.....</b>	<b>9</b>
10.	<b>Disciplín agus Dliteanas Dlíthiúil .....</b>	<b>12</b>
11.	<b>Comhlíonadh .....</b>	<b>12</b>
12.	<b>Cáipéisí Gaolmhara .....</b>	<b>12</b>
12.1.	<b>Beartas Reatha agus cáipéis(í) gaolmhara a chealú agus a ionadú.....</b>	<b>13</b>
13.	<b>Scagadh Ceart Dlíthiúil agus Daonna.....</b>	<b>13</b>
13.1.	<b>Breithnithe Ceart Daonna.....</b>	<b>13</b>
14.	<b>Caighdeán agus Gealltanais Eiticiúla .....</b>	<b>13</b>
15.	<b>Athbhreithniú Beartais.....</b>	<b>13</b>
16.	<b>Séanadh.....</b>	<b>14</b>
17.	<b>Aiseolas faoin gCáipéis Bheartais.....</b>	<b>14</b>
18.	<b>An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí/Treoir 2016/680/AE - an Treoir maidir le Cosaint Sonraí do Phóilíní agus Údaráis Cheartais Choiriúil .....</b>	<b>14</b>
19.	<b>Aguisíní .....</b>	<b>14</b>

## 1. Réamhrá

Comhaltaí oibrí dheonaigh, a baineadh ón bpobal, a fhónann taobh le comhaltaí lánaimseartha an Gharda Síochána, atá i gCúltaca an Gharda Síochána. Bronntar cumhachtaí áirithe Garda ar Ghardaí Cúltaca fad a bhíonn siad ar dualgas. Tugann siad faoi dhualgais póilíneachta, faoi mar a chinneann an Coimisinéir faoi mhaoirseacht, agus á dtionlacan ag comhaltaí lánaimseartha an Gharda Síochána. Is é ról Chúltaca an Gharda Síochána cabhrú leis an nGarda Síochána seirbhís póilíneachta a sholáthar don phobal. Baintear seo amach trí phatrólú ard-infheictheachta, rannpháirteachas le pobail, imeachtaí póilíneachta agus tacaíocht a sholáthar i stáisiúin Ghardaí.

## 2. Scóip

Baineann an Beartas seo agus an cháipéisíocht ghaolmhar uile le comhaltaí agus foireann an Gharda Síochána. Baineann sé freisin le Póilíní ó Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (an PSNI) a tugadh ar iasacht don Gharda Síochána i gcomhréir le hAlt 53 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

## 3. Ráiteas Beartais

Is í aidhm an Gharda Síochána seasamh le cearta daonna gach duine agus iad a chosaint trí sheirbhís póilíneachta ardchaighdeáin éifeachtach a sholáthar i gcomhpháirtíocht leis an bpobal agus i gcomhar le gníomhaireachtaí eile. Tabharfar cuntas sa cháipéis Bheartais seo ar an struchtúr agus na próisis a bhaineann le Cúltaca an Gharda Síochána laistigh den Gharda Síochána. Cumhdaítear roinnt ceisteanna sa cháipéis Bheartais seo, ról agus imlonnú Chúltaca an Gharda Síochána, cumhachtaí Chúltaca an Gharda Síochána agus ról agus freagrachtaí na gcomhaltaí uile maidir le Cúltaca an Gharda Síochána san áireamh. Tugtar cuntas chomh maith ann ar na coinníollacha seirbhíse anuas ar bhainistíocht agus rialachas Chúltaca an Gharda Síochána féin.

## 4. Téarmaí agus Sainmhíniú Ábhartha

Léirítear thíos téarmaí agus sainmhíniú ábhartha ar fhocail agus frásaí a úsáidtear ar fud na cáipéise Beartais seo.

- Is é an sainmhíniú a thugtar ar **chomhalta den Gharda Síochána** in Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú, ná comhalta ar aon chéim (Coimisinéir an Gharda Síochána san áireamh) agus Garda Cúltaca ach ní áirítear leis comhalta d'fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána.
- Úsáidtear **Foireann an Gharda Síochána** nuair a dhéantar tagairt d'fhoireann neamh-mhionnaithe an Gharda Síochána (tugadh foireann Shibhialtach orthu roimhe seo)
- Tagraíonn **Pearsanra** sa cháipéis Bheartais seo do chomhaltaí agus foireann an Gharda Síochána.
- Mura luaitear a mhalairt, úsáidfear **'Maoirseoir'** sa cháipéis Bheartais seo le tagairt a dhéanamh don phearsanra seo a leanas:
  1. Maoirseoir féin agus/nó
  2. Céadbhainisteoir líne, nó níos airde (a airde le leibhéal Ceannfoirt)
  3. Comhalta i gCeannas ar stáisiún Gardaí
- **Córas Bainistíochta Dualgas Uainchlár (CBUD)** - Úsáidfear CBUD le gach acmhainn an Gharda Síochána agus fhoireann an Gharda Síochána a bhainistiú chun na próisis bhainistíochta acmhainní a dhéanamh foirmiúil agus a chuíchóiriú.

## 5. Róil agus Freagrachtaí Garda Cúltaca

### 5.1. Garda Cúltaca

Tá seirbhís i gCúltaca an Gharda Síochána deonach. Bíonn céim Gharda Cúltaca ag duine a cheaptar mar chomhalta den Chúltaca. Cinnteoidh Garda Cúltaca go ndéantar na rudaí seo a leanas:

- A chur in iúl go bhfuil siad ar dualgas dá Sáirsint nó Comhalta i gCeannas ag a stáisiún ainmnithe agus leanfaidh siad de bheith ar dualgas go dtí gur chuir siad in iúl nach bhfuil siad ar dualgas.
- Fógra réasúnta a thabhairt dá Sáirsint Aonaid mura bhfuil siad ar fáil chun tabhairt faoi thuras dualgais ar uainchlár.
- Cloí le huainchláir reatha an Gharda Síochána agus tabhairt faoi thuras lae iomláin nó leathlae.
- Aontú roimh ré le huainchlár trí mhí, uaireanta an chloig a oibríodh a chur i dtaifead ar [fhoirm R85](#) /RDMS agus a ghealladh chun 60 uair an chloig gach bliain, ar a laghad, a dhéanamh i gcomhaontú leis an mbainistíocht áitiúil.
- Aire réasúnta a thabhairt lena sábháilteacht, sláinte agus leas féin a chinntiú agus iad siúd de chuid aon duine eile a d'fhéadfadh bheith thíos le gníomhartha nó le heasnaimh fad a bhíonn siad ar dualgas.
- Forálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 a chomhlíonadh.
- Úsáid iomlán agus cheart a bhaint as a dtrealamh cosanta pearsanta.
- A dtrealamh cosanta pearsanta a úsáid agus a chothabháil i gcomhréir leis na treoracha a sholáthair an déantúsóir.
- Gach beart réasúnta a dhéanamh lena chinntiú go gcuirtear an trealamh ar ais i stóráil tar éis a úsáide.
- Beartais, Nósanna imeachta agus Rialacháin an Gharda Síochána, na Treoracha ábhartha ón gCeanncheathrú san áireamh.

Glacfaidh Garda Cúltaca le treoir ag gach tráth go poncúil agus tabharfaidh siad go pras faoi gach dualgas a shanntar dóibh. Tabharfaidh siad faoi na dualgais seo ar bhealach pras, freagrach agus gairmiúil. Agus amhlaidh á dhéanamh, treoróidh [Cód Eitice an Gharda Síochána](#) iad agus déanfaidh siad cinntí trí úsáid a bhaint as [Samhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána](#). Cinnteoidh Garda Cúltaca freisin go leanann siad d'eolas praiticiúil oibre a bheith acu ar an dlí faoi mar a bhaineann sé lena n-obair, aon fhorbairtí ábhartha a tháinig ar an reachtaíocht anuas ar threoracha ó Cheanncheathrú an Gharda Síochána. Ba cheart cur le forbairt ghairmiúil trí fhreastal ar chúrsaí Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (FGL).

### 5.2. Imlonnú/Dualgais

Ní féidir ach leis an Oifigeach Ceantair/an Ceannfort Ábhartha dualgais a shannadh do Gharda Cúltaca nó is féidir iad a shannadh thar a gceann. Is é an Ceannfort don Cheantair/an Limistéar Feidhme an tOifigeach Ceantair/Ceannfort Ábhartha ina bhfuil an Garda Cúltaca ag oibriú. Ba cheart go mbeadh Garda Cúltaca ceangailte le hAonad le comhtháthú a chothú agus a mhéadú agus ba cheart dóibh máirseáil le chéile, sa chás gurb indéanta, le comhaltaí lánaimseartha an Gharda Síochána.

Nuair a bhíonn dualgais á sannadh do Gharda Cúltaca, cuirfidh an tOifigeach Ceantair/Ceannfort Ábhartha, nó an Cigire gníomhach, an méid seo a leanas san áireamh –

- a) Riachtanais phóilíneachta an Cheantair/an Limistéir Feidhme faoina smacht.
- b) Na hoibleagáidí fostaíochta agus an fháil atá ar an nGarda Cúltaca sin.
- c) Láthair áit chónaithe an Gharda Cúltaca, agus
- d) An beartas ginearálta nach sanntar dualgais do Gharda Cúltaca ina gcomharsanacht/gceantar féin.

Cuirfidh Garda Cúltaca an tOifigeach Ceantair ábhartha/an Ceannfort ábhartha ar an eolas má tá deimhniú, ceadúnas nó cead ainmnithe ag gaol leis an gcomhalta sin, ar féidir leis an nGarda Síochána cur in aghaidh a ndeonaithe maidir le háitreabh (cosúil le teach tábhairne nó geallghlacadóirí) atá suite i



gCeantar/Limistéar Feidhme an Gharda Síochána dá leithdháiltear Garda Cúltaca de ghnáth. Ciallaíonn “gaol”, sa bheartas seo, céile, páirtneír, tuismitheoir, leanbh nó siblín.

Dheimhnigh Coimisinéir an Gharda Síochána go n-áireofar an méid seo a leanas le dualgais Gharda Cúltaca, fad a bhíonn maoirseacht á déanamh ar chomhalta ar chéim eile:

- a) Dualgas stáisiúin, seachas cúram agus coimeád príosúnach.
- b) Feighlí stáisiúin.
- c) Dualgas Seomra Cumarsáide, monatóireacht a dhéanamh ar CCTV san áireamh.
- d) Patróil i dtionlacan le comhalta lánaimseartha den Gharda Síochána.
- e) Dualgais seicphointe um thrácht ar bhóithre i dtionlacan le comhalta lánaimseartha den Gharda Síochána.
- f) Fógraí Muirir Sheasta (FMSanna) a eisiúint, nuair is gá.
- g) Toghairmeacha a sheirbheáil.
- h) Dualgas ag tródam seachtrach ag imeachtaí móra, cosúil le féilte agus imeachtaí móra spóirt.
- i) Cabhrú i gcás timpistí, dóiteán agus éigeandálaí móra.
- j) Fianaise a thabhairt i gcúirt.
- k) Cionta a bhraitear a ionchúiseamh.
- l) Póilíneacht Phobail.
- m) Láithreacha coire a chaomhnú.
- n) Fógraí Íocaíochta Seasta (FÍSanna) a eisiúint, nuair is gá.

Cuirtear cosc ar Ghardaí Cúltaca na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Bheith imlonnaithe ar dualgais ghnáthéadaí d’aon sórt.
- Feithiclí oifigiúla a thiomáint.
- Airm thine a iompar i gcaitheamh a ndualgais.
- Patrólú a dhéanamh ar rothair sléibhe.

### 5.3. Cumhachtaí Póilíneachta

Tugann Gardaí Cúltaca faoi dhualgais faoi mar a dheimhníonn Coimisinéir an Gharda Síochána ar aon dul le hAlt 15 d’Acht an Gharda Síochána, 2005. Tugtar cuntas air seo in **‘Aguisín 1.’**

### 5.4. Rochtain ar PULSE

Beidh an rochtain chuí ag Gardaí Cúltaca ar PULSE ó thaobh a ról.

### 5.5. Liúntas Bliantúil

Tá seirbhís i gCúltaca an Gharda Síochána deonach. Tá liúntas bliantúil iníoctha ag Coimisinéir an Gharda Síochána le Gardaí Cúltaca maidir le costais a thabhaítear i dtabhairt faoina ndualgais, agus deimhneoidh an tAire Airgeadais suim an liúntais sin.

### 5.6 Costais a bhaineann le Teacht i Láthair sa Chúirt

Anuas ar an liúntas bliantúil a dtugtar cuntas air thuas, déanfaidh an Coimisinéir Gardaí Cúltaca a aisíoc as aon chostais a thabhaíonn siad agus iad ag freastal ar chúirteanna, binsí nó imeachtaí eile dlí lasmuigh dá n-uaireanta dualgais. Déanfaidh an tAire Airgeadais cinneadh faoin ráta costais atá iníoctha sa chás seo. Éileofar na costais seo ar [Fhoirm A8](#), ‘Cuntas ar Chostais (Ilghnéitheach)’.

Nuair is gá do Gharda Cúltaca teacht i láthair i gcúirt seachas mar chomhalta ionchúisithe, cuirfidh an comhalta i gceannas ar an imscrúdú isteach ar thoghairm finné agus seirbheálfar é ar an nGarda Cúltaca. Is féidir leis an nGarda Cúltaca an toghairm a sholáthar ansin dá f(h)ostóir, más gá.



## 5.7 Comhad Eolais Pearsanra

Soláthróidh Gardaí Cúltaca na sonraí teagmhála cuí, neasghaol agus teagmhálaithe éigeandála san áireamh, dá nOifigeach Ceantair/gCeannfort Ábhartha áitiúil. Ar aon dul le beartas an Gharda Síochána, coimeádfar comhad pearsanra an Gharda Cúltaca in Oifig an Cheantair/oifig an Limistéir Feidhme Seirbhísí Gnó agus coimeádfar ann a sonraí pearsanta cothrom le dáta.

## 5.8 Oibleagáid chun Tuairisciú

Tá oibleagáid ar Gardaí Cúltaca atá bainteach in aon teagmhais i gcaitheamh a ndualgais tuairisc iomlán a sholáthar ar na teagmhais siúd dá maoirseoirí sula gcríochnaítear a seal dualgais. Tabharfar na tuairiscí siúd ó bhéal, nó d'fhéadfadh tuairisc scríofa a bheith ag teastáil, faoi lánrogha an mhaoirseora.

I gcomhréir le hAlt 39(1) d'Acht an Gharda Síochána, 2005 tá dualgas ar chomhaltaí na rudaí seo a leanas a chur i gcuntas:

1. Cuirfidh Comhalta den Gharda Síochána, nuair a ordaíonn comhalta ar chéim níos airde nó oifigeach ainmnithe Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána amhlaidh a dhéanamh, aon ghníomh nó easnamh a rinne an comhalta fad a bhí siad ar dualgas a chur i gcuntas.
2. Beidh teip ar threoir a chomhlíonadh faoi *fho-alt (1)* ina ábhar gnímh dhisciplínigh i gcomhréir leis na rialacháin dhisciplíneacha.
3. Cuirfidh comhalta ar chéim níos airde nó oifigeach ainmnithe an comhalta atá i gceist ar an eolas go bhféadfadh dífhosú ón nGarda Síochána bheith mar thoradh ar theip den sórt sin.
4. Níl aon eolas a sholáthraíonn comhalta den Gharda Síochána i gcomhréir le treoir faoi *fho-alt (1)* incheadaithe in aon imeachtaí coiriúla in aghaidh an chomhalta agus míneoidh an comhalta ar an gcéim níos airde nó an t-oifigeach ainmnithe é seo i ngnáthfhriotal.
5. Chun críocha *fho-alt (4)*, ní áirítear le “imeachtaí coiriúla” imeachtaí disciplíneacha.

## 5.9 Rialacháin Phóilíneachta

Bíonn Gardaí Cúltaca faoi réir Rialacháin, Beartas agus Nósanna Imeachta ábhartha a bhíonn i bhfeidhm i rith a seirbhíse leis an nGarda Síochána. Cuirtear nuashonruithe ar Bheartais, Nósanna Imeachta agus Rialacháin ábhartha in iúl don eagraíocht ar bhealaí éagsúla agus bíonn súil leis go gcoimeádtar Gardaí Cúltaca cothrom le dáta orthu seo trí chumarsáid, ríomhphost agus Tairseach an Gharda Síochána a sheiceáil go rialta.

## 6. Ról agus Freagrachtaí Céimeanna eile

### 6.1 Oifigeach Roinne

Ainmneoidh an tOifigeach Roinne Cigire chun tabhairt faoi ról Cigire Idirchaidrimh Roinne do na Gardaí Cúltaca a bhaineann lena Roinn.

### 6.2 Oifigeach Ceantair/Maoirseoir Ábhartha

Is é ról an Oifigigh Cheantair/an Cheannfoirt Ábhartha i dtaobh Chúltaca an Gharda Síochána:

- A chinntiú go gcuirtear le riachtanais phóilíneachta an Cheantair/an Limistéir Feidhme faoina smacht tríd an nGarda Cúltaca a imlonnú.
- Lena chinntiú go leithdháiltear an Garda Cúltaca ar limistéar nach ndéanfaidh difear dá ndualgais phóilíneachta maidir le láthair áit chónaithe an Gharda Cúltaca, agus go gcothaítear an beartas ginearálta gan Gardaí Cúltaca a shannadh ina gcomharsanacht/limistéar féin.
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phróisis le haghaidh Gardaí Cúltaca neamhéifeachtacha agus nach nglacann páirt.



- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an gCigire Idirchaidrimh Roinne maidir le gach gné d'idirghníomhú Gardaí Cúltaca sa Cheantar/Limistéar Feidhme.
- Cruinniú bliantúil a chur ar bun leis na Gardaí Cúltaca uile laistigh dá gCeantar/Limistéar Feidhme.

### 6.3. Cigire Idirchaidrimh Roinne

Is é ról an Chigire Idirchaidrimh Roinne obair na nGardaí Cúltaca a chomhordú ina Roinn agus cabhrú lena n-imeascadh isteach sa Gharda Síochána. Beidh siad freagrach as an méid seo a leanas:

- An tOifigeach Ceantair/Ceannfort Ábhartha a choimeád ar an eolas ar cheisteanna a bhaineann le Gardaí Cúltaca a bhaineann lena gCeantar agus idirchaidreamh a dhéanamh le Sáirsintí i dtaca le dul chun cinn gach Garda Cúltaca.
- A chinntiú go soláthraítear oiliúint leanúnach do Ghardaí Cúltaca tar éis dóibh a n-oiliúint tosaigh a chríochnú. Ba cheart go n-áireofaí leis seo oiliúint athnuachana agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach ar aon dul le comhaltaí lánaimseartha.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le Sáirsintí lena chinntiú go bhfuil Gardaí Cúltaca á n-úsáid go héifeachtúil, agus aird ar riachtanais oibríochtúla agus na dualgais faoi mar ar chomhaontaigh an tOifigeach Ceantair/Ceannfort Ábhartha leo.

### 6.4 Sáirsint Aonaid

Is é ról an tSáirsint Aonaid maoirseacht agus tacaíocht a sholáthar do Gharda Cúltaca atá sannta dá nAonad, an méid seo a leanas ina measc:

- Cabhrú le Garda Cúltaca a imeascadh isteach ina nAonad.
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an gCigire Idirchaidrimh Roinne agus iad a choimeád ar an eolas ar dhul chun cinn gach Garda Cúltaca faoina maoirseacht, asláithreacht agus neamhrannpháirtíocht san áireamh.
- A chinntiú go ndéantar na Gardaí Cúltaca uile a bhaineann lena n-aonad a imlonnú le comhalta lánaimseartha den Gharda Síochána nuair a bhíonn siad ar dualgas.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le gach Garda Cúltaca ina nAonad lena chinntiú go gcomhaontaítear le huainchlár trí mhí, agus aird ar a ngnáthfhostaíocht agus riachtanais phóilíneachta an stáisiúin.
- Cabhrú le gach Garda Cúltaca ina nAonad le haon deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht aníos dóibh agus idirchaidreamh a dhéanamh leis an nGarda tionlacain, i dtaca le dul chun cinn an Gharda Cúltaca.
- Saincheisteanna féideartha oiliúna a chur in iúl d'fhoireann FGL na Roinne.
- A chinntiú go bhfuil na héilimh airgeadais go léir a dhéanann Gardaí Cúltaca ina nAonad cruinn agus go léirítear iontu dualgais agus caiteachas.
- A chinntiú go gcuirtear na huaireanta dualgais a dhéantar i dtaifead ar [Fhoirm R85/](#) sa Chóras Bainistíochta Uainchlár agus Dualgas (RDMS) agus go seoltar ar aghaidh iad ag deireadh gach uainchláir.

### 6.5 Comhalta Tionlacain

Sannfar comhalta lánaimseartha ag gach stáisiún Gardaí do gach Garda Cúltaca, a ghníomhóidh mar chomhalta tionlacain. Tá ról an chomhalta tionlacain ríthábhachtach. Beidh na cleachtais trína bhforbróidh Gardaí Cúltaca lánach i dtaobh tionchar a imirt ar a dtodhchaí mar Ghardaí Cúltaca an Gharda Síochána.

Sásóidh an Comhalta Tionlacain na rudaí seo a leanas:

- Taithí ábhartha oibríochtúil a bheith aige/aici.
- Bheith an-spreagtha.
- Scileanna cumarsáide a bheith aige/aici.



- Taifead maith disciplíne a bheith aige/aici.

Beidh an Comhalta tionlacain freagrach as an méid seo a leanas:

- Dea-chleachtas a léiriú i leith na nGardaí Cúltaca.
- Aiseolas a sholáthar do na Gardaí Cúltaca.
- Tuairisciú le Sáirsint an Aonaid maidir le haon cheist óna dteastaíonn aird.

## 7. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach Roinne

Beidh freagracht ar gach oifig um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) Roinne as forbairt ghairmiúil leanúnach Gardaí Cúltaca laistigh den Roinn. Cuirfear an oiliúint riachtanach ar Ghardaí Cúltaca, ar aon dul lena ról agus a bhfeidhm, i gcomhar leis an oifig um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach ag Coláiste an Gharda Síochána.

## 8. Bainistíocht Feidhmíochta

### 8.1 Tréimhse Phromhaidh Gardaí Cúltaca

I gcomhréir le Rialachán 9 de Rialacháin an Gharda Síochána (Comhaltaí Chúltaca an Gharda Síochána), 2006 (I.R. 413/2006), beidh comhaltaí Chúltaca an Gharda Síochána a cheapann Coimisinéir an Gharda Síochána ar promhadh ar feadh tréimhse 2 bhliain ó dháta a gceapacháin.

I dtuairim Choimisinéir an Gharda Síochána, má chuir tréimhse fhada asláithreachta ó dhualgas isteach ar thréimhse phromhaidh Chomhalta Chúltaca an Gharda Síochána, is féidir leis an gCoimisinéir sula n-éagfaidh, nó ar éag, tréimhse 2 bhliain, tréimhse phromhaidh an chomhalta sin a shíneadh ar feadh na tréimhse breise sin, faoi mar a chinnfidh an Coimisinéir, agus aird ar chúinsí uile an cháis.

### 8.2 Neamh-rannpháirtíocht ag Garda Cúltaca

Nuair is léir nach bhfuil Garda Cúltaca ag oibriú go deonach ná nach bhfuil teagmháil á déanamh aige/aici lena Sáirsint Aonaid, beidh an Cigire Idirchaidrimh Roinne freagrach as teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Cúltaca atá i gceist chun na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Socruithe a dhéanamh chun casadh leis an nGarda Cúltaca ainmnithe ag a n-áit chónaithe, sa chás gurb indéanta.
- Na cúiseanna a phlé leis an nGarda Cúltaca nár fhreastail siad ar dhualgas.
- Na cúiseanna a phlé leis an nGarda Cúltaca nach ndearna siad teagmháil lena Sáirsint Aonaid.
- Na roghanna éagsúla atá ar fáil dóibh a chur in iúl don Gharda Cúltaca, fillleadh ar dhualgas nó éirí as an nGarda Síochána.
- Plé a dhéanamh leis an nGarda Cúltaca ar a n-implonú féideartha laistigh dá stáisiún, e.g. Gnáthaonad, Aonad Póilíneachta Pobail nó Imeachtaí sa chás gur mian leis an nGarda Cúltaca fillleadh ar dhualgas.
- Cuntas a thabhairt ar agus cloí leis an nós imeachta chun éirí as, de réir Rialacháin an Gharda Síochána (Comhaltaí Chúltaca an Gharda Síochána), 2006, sa chás gur mian leis an nGarda Cúltaca éirí as an nGarda Síochána (Féach freisin, le do thoil, **8.4. Scor de Sheirbhís Garda Cúltaca**).
- A shocrú go dtabharfar an t-éide agus an trealamh go léir ar ais, leabhair nótaí, cárta/coinneálaí aitheantais, bata, dornaisc agus sprae éagumasaithe (sa chás gur eisíodh é) ina measc don Oifigeach Ceantair/Cheannfort Ábhartha, nuair is gá.

### 8.3 Feidhmíocht Gharda Cúltaca

Nuair atá cás ag Oifigeach Roinne tuairisciú ar fheidhmíocht Gharda Cúltaca agus nuair a mheasann siad go bhfuil amhras ar an gcomhalta a choinneáil mar chomhalta den Gharda Síochána, cuirfear tuairisc faoi



bhráid an Stiúrthóra Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna agus Forbartha Daoine agus leagfar an méid seo a leanas amach ann:

- Iompar an Gharda Cúltaca, iompar fabhrach agus mífhabhrach araon.
- Na heasnaimh in iompar an Gharda Cúltaca.
- Gníomhartha a rinne maoirseoirí ag tráth na n-easnamh, sa chás gur tugadh faoi deara/gur braitheadh iad.
- Gníomhartha, más ann dóibh, trí chomhairle/rabhadh a thug an maoirseoir.
- Gealltanais a thug an Garda Cúltaca.
- Gníomh a rinne an Garda Cúltaca chun dul i ngleic leis na heasnaimh seo. Ba cheart go gceanglófaí foirm(eacha) [GR1](#) leis an tuarascáil seo.
- Dearcthaí agus moltaí ón gCigire Idirchaidrimh Roinne, an Ceannfort agus an tOifigeach Roinne.

#### 8.4 Scor de Sheirbhís Garda Cúltaca

I gcomhréir le Rialachán 10 de Rialacháin an Gharda Síochána (Comhaltaí Chúltaca an Gharda Síochána), 2006 (I.R. 413/2006), cuirfear deireadh le seirbhís Garda Cúltaca nuair a bhaineann siad aois 65 bliain amach. Is féidir le Garda Cúltaca deireadh a chur lena seirbhís trí fhógra 30 lá i scríbhinn a thabhairt do Choimisinéir an Gharda Síochána, nó an tréimhse siúd níos giorra a nglacfaidh an Coimisinéir léi, agus cuirfear deireadh leis an tseirbhís sin nuair a éagfaidh an fógra atá i gceist.

Gheobhaidh Coimisinéir an Gharda Síochána réidh le seirbhísí Garda Cúltaca má chuirtear an Coimisinéir ar an eolas ar aon athrú chúinsí an chomhalta sin a mbeidís neamh-incháilithe lena gceapadh dá bharr faoi Rialachán 7 de Rialacháin an Gharda Síochána (Comhaltaí Chúltaca an Gharda Síochána), 2006 murach gur Garda Cúltaca a bhí iontu cheana féin.

Is féidir le Coimisinéir an Gharda Síochána, ag aon tráth, fáil réidh le seirbhísí comhalta den Chúltaca má mheasann siad, maidir leis an gcomhalta sin-

- a) nach bhfuil siad oiriúnach a thuilleadh, go fisiciúil nó go meabhrach, do thabhairt faoi fheidhmeanna comhalta den Chúltaca, nó
- b) nach dóchúil a thuilleadh go dtabharfaidh siad faoi fheidhmeanna comhalta den Chúltaca go héifeachtúil nó ar bhealach eile iompar oiriúnach comhalta den Chúltaca a chur ar bun.

Tabharfaidh Gardaí Cúltaca a éiríonn as an tseirbhís nó a fhágann an tseirbhís ar bhealach eile an t-éide agus an trealamh go léir ar ais, leabhair nótaí, cárta/coinneálaí aitheantais, bata, dornaisc agus sprae éagumasaithe (sa chás gur eisíodh é) ina measc go dtabharfar don Oifigeach Ceantair/Ceannfort Ábhartha iad roimh an éirí as sin.

## 9. Caighdeán

Cloífidh Gardaí Cúltaca leis na caighdeáin a mbíonn súil leis go mbainfidh comhaltaí an Gharda Síochána amach. Cloífidh Gardaí Cúltaca ag gach tráth le Beartas reatha an Gharda Síochána maidir leis [an nGnás Éide agus Feistis](#).

### 9.1 Éide a Chaitheamh

- Caithfidh éide a bheith á chaitheamh ag Garda Cúltaca nuair a bhíonn siad ar dualgas – [Treoir 30/21 ón gCeanncheathrú](#).
- De réir an Bheartais Éide agus Ghnáis Feistis, ba cheart go gcloífeadh gach earra éide leis an bpatrún rialála agus leis an tsonraíocht agus caithfear iad ar an mbealach a fhorordaítear.



- Coimeádfar earraí éide glan, scuabtha agus brúite.
- Ní chaithefear ach buataisí nó bróga de phatrún rialála, a bhfuil dea-bhail orthu agus stocaí dubha nó dúghorma, leis an éide.
- Nuair a bhíonn éide á chaitheamh, caithefear ceannbheart oifigiúil nuair a bhítear ar dualgas taobh amuigh.
- Úsáidfidh Gardaí Cúltaca a dtaisceadán Stáisiúin chun a gcárta aitheantais, a n-éide agus a dtrealamh de chuid Chúltaca an Gharda Síochána a stóráil. Cuirtear dianchosc ar éide nó ar éide páirteach a chaitheamh taobh amuigh nuair nach bhfuiltear ar dualgas.

## 9.2 Cártaí Aitheantais Oifigiúla Chúltaca an Gharda

- Ní bheidh a gcárta aitheantais oifigiúil ag Gardaí Cúltaca **ach** fad a bhíonn siad ar dualgas. Ní hionann seo agus *Gnás Éide agus Feistis an Gharda Síochána*.
- Tabharfaidh Gardaí Cúltaca a gcártaí aitheantais oifigiúla suas nuair a éilíonn Sáirsint nó comhalta ar chéim níos airde amhlaidh ar mhaithe le cigireacht.
- Leanann an Coimisinéir le seilbh a ghlacadh ar chárta aitheantais oifigiúil Garda Cúltaca.
- Soláthróidh Gardaí Cúltaca ar dualgas agus éide á chaitheamh acu a gcárta aitheantais oifigiúil nuair a iarrfaidh aon duine orthu a ndéanann an dualgas faoina bhfuiltear ag tabhairt difear díreach dóibh nó a bhfuil baint cheart acu leis.
- Ní thabharfaidh Garda Cúltaca a gcárta aitheantais oifigiúil do bhall den phobal, ach ba cheart dóibh é a thaispeáint ar an mbealach sin gur féidir é a fheiceáil agus a léamh gan stró.
- Nuair a iarrtar orthu agus nuair is ceadmhach i ngeall ar an dualgas, soláthróidh Gardaí Cúltaca ar dualgas a n-ainm agus a stáisiún, i ngach cúinse réasúnta, do bhall den phobal a ndéanann an dualgas faoina bhfuiltear ag tabhairt difear díreach dóibh nó a bhfuil baint cheart acu leis.
- Cuirtear dianchosc ar chárta aitheantais oifigiúil Garda Cúltaca a úsáid d'aon rud eile seachas cuspóirí oifigiúla agus d'fhéadfadh gurbh ionann é, agus gur féidir caitheamh leis mar, mhí-úsáid údarais nó cumhachta (féach [Treoir 15/2021 ón gCeanncheathrú](#)). Déanfar machnamh ar imeachtaí disciplíneacha nuair is gá.
- Tabharfaidh Gardaí Cúltaca an aire is mó dá gcártaí aitheantais oifigiúla. Ba cheart na himpleachtaí slándála a d'fhéadfadh bheith i gceist dá gcaillfí cárta aitheantais oifigiúil, agus an fhéidearthacht go bhféadfadh coirpigh é a úsáid, a chur san áireamh i gcónaí.
- Tabharfaidh Gardaí Cúltaca le fios láithreach má chaill siad a gcárta aitheantais oifigiúil dá maoirseoir féin ó bhéal, agus cuirtear tuairisc scríofa ar fáil ina dhiaidh sin. Fiosróidh an tuairisc an cheist ag féachaint leis na cúinsí beachta a bhaineann leis an gcaillteanas a dheimhniú, de réir an bheartais.

## 9.3 Leabhair Nótaí

- Eisítear leabhair nótaí oifigiúla do Ghardaí Cúltaca ar mhaithe le faisnéis agus sonraí tábhachtacha a chur i gcuntas faoi fhírí a gcuirtear ar a n-aird iad i gcaitheamh a ndualgas. D'fhéadfadh faisnéis rúnda nó faoi rún a bheith i leabhair nótaí agus beidh Gardaí Cúltaca freagrach, ar an ábhar sin, freagrach as iad a choimeád sábháilte ag gach tráth agus fágfar leabhair nótaí ina dtaisceadán ina stáisiún nuair nach mbíonn siad ar dualgas.
- Rangaítear leabhair nótaí oifigiúla mar *“Thaifid Roinne”* faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 agus ní féidir iad a mhilleadh, ar an ábhar sin. Ba cheart iad a choimeád, nuair a bhíonn siad á n-úsáid, i dtaisceadán stáisiúin agus ba cheart iad a thaisceadh, nuair a bhíonn siad líonta nó lán, i gCóras Bainistíochta Foilseán agus Maoine.
- Is féidir le comhaltaí ar chéim Sháirsint nó níos airde leabhair nótaí a scrúdú go tréimhsiúil.



## 9.4 Garda Cúltaca a Aistriú

Ba cheart iarraidh a dhéanann Garda Cúltaca le haistriú a sheoladh ar aghaidh trí na gnáthchainéil chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna agus Forbartha Daoine. Ba cheart an iarraidh go n-aistreofar iad óna stáisiún reatha go stáisiún eile a líonadh ar [Fhoirm D.19](#) agus ba cheart é a phróiseáil trí na gnáthchainéil. Ba cheart don Oifigeach Roinne déileáil haistrithe laistigh de Roinn. Caithfidh an Oifig Roinne Leithdháiltí Acmhainní Bainistíochta Acmhainní Daonna a chur ar an eolas trí ghnáthchainéil stáisiún nua an Gharda Cúltaca laistigh den Roinn. I gcás go ndéantar achomharc ar aistriú idir-Roinne, ba cheart an cheist a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna agus Forbartha Daoine, a bheidh ina eadránaí deiridh sa cheist.

Leagtar amach thíos an nós imeachta aistrithe.

Déanfaidh Garda Cúltaca:

- Plé ar an aistriú féideartha leis an Sáirsint Aonaid
- Foirm Iarratais ar Aistriú D19, (atá ar fáil tríd an Tairseach) a líonadh
- D19 a sheoladh trína Sáirsint
- Má cheadaítear an t-aistriú – liostófar an t-aistriú sa Bhullaitín Acmhainní Daonna

Déanfaidh an Sáirsint:

- A chinntiú gur líonadh foirm D19 a seoladh
- Do mholtaí aistrithe a sheoladh nuair a bhíonn an t-iarratas ar éirí as á sheoladh
- Foirm D19 agus aon tuarascálacha ábhartha eile a sheoladh ar aghaidh

Limistéar Feidhme na hOifige Ceantair/Seirbhísí Gnó:

- Cinnteoidh an Oifig Ceantair/an Limistéar Feidhme Seirbhísí Gnó (an BSFA) go seoltar Foirm D19 agus aon tuarascálacha eile go Leithdháileadh Acmhainní Daonna agus Forbartha Daoine go ndéanfaidh siad breithniú fabhrach orthu.
- A luaithe a ceadáíodh an t-aistriú, tabharfaidh an Oifig Ceantair/an BSFA le fios don Gharda Cúltaca agus seolfaidh siad a gcomhad pearsanta chuig an Oifig Roinne a sheolfaidh an comhad chuig a Roinn nua.

## 9.5 Seirbhísí Tacaíochta atá ar fáil do Ghardaí Cúltaca

Seirbhísí rúnda iad [an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe \(an EAS\)](#) agus an tSeirbhís Piarthacaíochta atá ar fáil do Ghardaí Cúltaca do shaincheisteanna a thagann aníos go díreach óna seirbhís mar chomhaltaí an Gharda Síochána. Is féidir teacht ar shonraí faoin dá cheann de na seirbhísí seo ar Leathanach Thairseach an Gharda Síochána.

## 9.6 Cúram Leighis

Leagtar beartas a bhaineann le cúram leighis, breoiteacht, gortú ar dualgas, gortú as dualgas agus toircheas ina measc amach ag **Aguisín 2**.

## 9.7 Gardaí Cúltaca atá Fostaithe go Rialta Iasmuigh den Gharda Síochána agus Sosanna Gairme/Ceadaanna Neamhláithreachta

Baineann **Aguisín 3** le faisnéis is féidir a sholáthar d'fhostóir Garda Cúltaca.



## 10. Disciplín agus Dliteanas Dílíúil

### 10.1 Rialacháin Disciplíne

Tá Gardaí Cúltaca faoi réir fhorálacha Acht an Gharda Síochána, 2005 agus Rialacháin an Gharda Síochána (Disciplín), 2007.

### 10.2 Teagmhais ina bhfuil baint ag Comhaltaí Chúltaca an Gharda Síochána

- Nuair a bhíonn comhalta de Chúltaca an Gharda Síochána bainteach i dteagmhas fad a bhíonn siad as dualgas nó nuair a thagann teagmhas ina mbíonn baint ag Garda Cúltaca chun solais, óna n-eascaíonn, nó óna bhféadfadh a eascairt go n-ionchúisítear an Garda Cúltaca nó duine eile, cuirfidh Garda Cúltaca an teagmhas in iúl ó bhéal agus i scríbhinn araon láithreach bonn dá Sáirsint Aonaid, a sheolfaidh chuig an Oifigeach Ceantair/Ceannfort Ábhartha é.
- Baineann seo chomh maith i gcásanna inar freagróir aon ordaithe faoin [Acht um Fhoréigean Baile, 2018](#) é Cúltaca an Gharda Síochána.
- Sna cásanna siúd uile, cuirfidh an tOifigeach Ceantair/Ceannfort Ábhartha an cheist in iúl láithreach don Stiúrthóir Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna agus Forbartha Daoine.

### 10.3 An tAcht um Rúin Oifigiúla, 1963

Síneoidh Gardaí Cúltaca agus beidh Gardaí Cúltaca faoi cheangal fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963.

### 10.4 Acht an Gharda Síochána, 2005

Bainfidh ailt 48 agus 62 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 le comhaltaí Chúltaca an Gharda Síochána:

- a) **Alt 48:** Foráiltear san alt seo do dhliteanas do ghníomhartha áirithe nuair a dhéanann comhalta den Gharda Síochána éagóir inghníomhaithe i gcaitheamh dóibh tabhairt faoina ndualgas.
- b) **Alt 62:** Déantar cion san alt seo de má nochtann aon duine atá nó a bhí ina gcomhalta den Gharda Síochána aon fhaisnéis a nochtadh i gcaitheamh dá ndualgais, más eol don duine sin gur dóchúil go mbeidh éifeacht dhíobhálach ag nochtadh na faisnéise sin.

### 10.5. Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988/2003/2018

Faoi fhorálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988/2003/2018, beidh dualgas cúraim ag gach comhalta den Gharda Síochána i leith ábhair shonraí nuair a bhíonn siad ag déileáil le sonraí pearsanta a bhaineann leis na hábhair shonraí siúd, bíodh na sonraí siúd a bhailiú, a phróiseáil, a rialú nó a nochtadh i gceist.

Beidh gach pearsanra an Gharda Síochána cuntasach maidir leis na sonraí go léir a dhéanann siad a phróiseáil, a bhainistiú agus a rialú mar chuid dá ndualgas sa Gharda Síochána. D'fhéadfadh comhaltaí a dteipeann orthu cloí le forálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988/2003/2018 a bheith faoi dhliteanas smachtbhanna coiriúil agus/nó nósanna imeachta disciplíne faoi fhorálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988/2003/2018; Acht an Gharda Síochána, 2005 agus Rialacháin Disciplíne an Gharda Síochána.

## 11. Comhlíonadh

Tá sé éigeantach go ndéanann comhaltaí uile an Gharda Síochána agus baill foirne uile an Gharda Síochána an cháipéis Bheartais seo a chomhlíonadh.

## 12. Cáipéisí Gaolmhara

- [Rialacháin an Gharda Síochána \(Comhaltaí Chúltaca an Gharda Síochána\), 2006](#)



- [Acht an Gharda Síochána, 2005](#)
- [Rialacháin an Gharda Síochána \(Disciplín\), 2007](#)
- [An tAcht um Chosaint Sonraí, 2003](#)
- [An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988](#)
- [An tAcht um Rúin Oifigiúla, 1963](#)
- [An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018](#)
- [Treoir 24/2012 ón gCeanncheathrú – Ionchúiseamh Ciona a Thionscnamh agus a Dhéanamh – Alt 8 d’Acht an Gharda Síochána, 2005 – Treoir Ghinearálta Uimh. 3](#)
- [Treoir 37/2019 ón gCeanncheathrú – Samhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána](#)
- [Treoir 30/2021 – Gnás Éide agus Feistis laistigh den Gharda Síochána](#)

### 12.1. Beartas Reatha agus cáipéis(i) gaolmhara a chealú agus a ionadú

- [Treoir 44/2015 ón gCeanncheathrú – Beartas agus Nós Imeachta Chúltaca an Gharda Síochána](#)

## 13. Scagadh Ceart Dlíthiúil agus Daonna

Rinneadh scagadh ar an gcáipéis seo i dtaobh Cearta Daonna agus Dlíthiúla maidir leis na hoibleagáidí faoi seach a leagtar ar an nGarda Síochána don limistéar ábhair atá i gceist.

### 13.1. Breithnithe Ceart Daonna

Príomhchuspóir póilíneachta é Cearta Daonna a léiriú, agus is é bunchloch na póilíneachta. Glacann Pearsanra an Gharda Síochána le ról ríthábhachtach lena chinntiú gur féidir le saoránaigh taitneamh a bhaint as a gcearta agus bheith saor ó fhoréigean, mí-úsáid agus coireacht. Cabhraíonn Pearsanra an Gharda Síochána chomh maith le timpeallacht a chaomhnú inar féidir le daoine maireachtáil gan eagla a bheith orthu agus taitneamh a bhaint as cearta agus sairse eile. Léireoidh comhaltaí a thugann faoina bhfeidhmeanna ag gach tráth meas ar chearta pearsanta duine agus ar a d(h)ínit mar dhuine daonna agus ní chuirfear drochbhail d’aon sórt ar dhuine ar bith.

Braitheann úsáid chomhréireach cumhachtaí ar chinntí a bheith déanta tar éis breithniú a dhéanamh ar [Shamhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána \(GDMM\)](#) agus cinntíonn sé go bhfuil breithnithe Bunreachtúla agus Ceart Daonna i gcroílár gach cinnidh a dhéantar. Beidh mar chuspóir ag an gcleachtas seo, anuas ar mhaoirseacht éifeachtach ar úsáid, atá teoraithe ag naoi gcaighdeán an iompair agus an chleachtais laistigh den Chód Eitice, seasamh le Cearta Daonna iad siúd go léir a ndéanann an mhí-úsáid sin difear dóibh.

Tá breithniú ar na Cearta Daonna go léir i gcomhlíonadh [Chreat Ceart Daonna](#) na heagraíochta ríthábhachtach fad a thugtar faoi fhreagrachtaí agus dualgais a bhaineann le Cúltaca an Gharda Síochána.

## 14. Caighdeán agus Gealltanais Eiticiúla

Caithfidh gach duine a oibríonn sa Gharda Síochána aird a thabhairt ar agus cloí leis na caighdeán agus na gealltanais a leagtar amach sa [Chód Eitice](#) don Gharda Síochána agus chun seasamh leis an gCód seo agus é a chur chun cinn ar fud na hEagraíochta.

## 15. Athbhreithniú Beartais

Déanfar athbhreithniú ar an gcáipéis seo 12 mhí ó dháta a héifeachta agus gach trí bliana ina dhiaidh sin nó mar is cuí.

## 16. Séanadh

Ní bheartaítear go dtugtar comhairle dlí sa cháipéis seo, agus ní thugtar comhairle dlí inti ar féidir brath uirthi maidir leis an ábhar a chuimsítear anseo istigh. Níor cheart an cháipéis seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil dlí.

## 17. Aiseolas faoin gCáipéis Bheartais

Tá Cuntas Saincheistanna Beartais á choimeád ag an Aonad Comhordaithe Beartais agus Rialachais. Nuair a thiteann saincheistanna féideartha amach maidir le cur i bhfeidhm na Nósanna Imeachta a leagtar amach sa cháipéis seo, seol cuntas ar an gcéanna ar aghaidh, le do thoil, tríd an Oifig Roinne ábhartha chuig bosca ríomhphoist na Rannóige, [policy.governance@garda.ie](mailto:policy.governance@garda.ie). Cuirfear aighneachtaí Roinne i dtaifead sa Chuntas Saincheistanna Beartais agus seoltar ar aghaidh iad chuig Úinéir an Bheartais go ndéanfar pé gníomh ina leith a mheastar is riachtanach.

*(**Tabhair faoi deara, le do thoil**, nuair a thagann saincheist phráinneach chun solais i dtaca leis an gCáipéis Bheartais seo agus an Treoir ón gCeanncheathrú a ghabhann léi, ba cheart a thabhairt le fios go soiléir é amhail bheith práinneach / tábhachtach agus é a thabhairt le fios chomh maith go díreach do Mhaoirseoirí/Bhainisteoirí Céadlíne lena chinntiú go dtéitear i ngleic leis).*

## 18. An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí/Treoir 2016/680/AE - an Treoir maidir le Cosaint Sonraí do Phóilíní agus Údaráis Cheartais Choiriúil

Ní phróiseálfar sonraí pearsanta ach ar na cuspóirí a shonraítear sa bheartas seo agus laistigh de bhonn dleathach a shainítear go soiléir faoi Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí an AE (an RGCS) ((AE) 2016/679) agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988/2018. Cuirfear gach beart riachtanach i bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn sonraí pearsanta á gcoimeád sábháilte agus slán. Ní bheidh teacht ar shonraí pearsanta ach ag pearsanra údaráithe amháin. Ní phróiseálfar ach sonraí pearsanta ábhartha agus ní choimeádfar níos faide iad ná mar is gá.

## 19. Aguisíní

Aguisín 1 - Cumhachtaí Póilíneachta

Aguisín 2 - Cúram Leighis

Aguisín 3 - Gardaí Cúltaca atá Fostaithe go Rialta lasmuigh den Gharda Síochána

### Aguisín 1 - Cumhachtaí Póilíneachta

Braitheann úsáid chomhréireach cumhachtaí ar chinntí a bheith déanta tar éis breithniú a dhéanamh ar Samhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána (GDMM) agus cinntíonn sé go bhfuil breithnithe Bunreachtúla agus Ceart Daonna i gcroílár gach cinnidh a dhéantar. Beidh mar chuspóir ag an gcleachtas seo, anuas ar mhaoirseacht éifeachtach ar úsáid, atá treoraithe ag naoi gcaighdeán an iompair agus an chleachtais laistigh den Chód Eitice, seasamh le Cearta Daonna iad siúd go léir a ndéanann an mhí-úsáid sin difear dóibh.

Faoi mar a leagtar amach in Alt 15 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 ní bheidh cumhachtaí Gardaí Cúltaca infheidhmithe ach amháin fad a bhítear ar dualgas (agus éide á chaitheamh acu) agus faoi mar a chinneadh an Coimisinéir.

### **Cumhachtaí forfheidhmithe dlí a chinneann Coimisinéir an Gharda Síochána do Gardaí Cúltaca**

Faoi fhorálacha Acht an Gharda Síochána, 2005, is féidir leis an gCoimisinéir an réimse cumhachtaí a chinneadh atá le cleachtadh agus na dualgais a bhfuil Gardaí Cúltaca le tabhairt fúthu. Threoraigh an Coimisinéir go bhfeidhmeoidh Gardaí Cúltaca na feidhmeanna seo a leanas faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961/2011.



Tá a ndualgais teoranta i bhforfheidhmiú na nAchtanna seo a leanas:

**Cumhachtaí faoi Acht na mBóithre, 1961, arna leasú**

1. An chumhacht a éileamh go soláthraítear ceadúnas tiomána – Alt 40 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú.
2. An chumhacht a éileamh go soláthraítear deimhniú árachais nó díolúine árachais – Alt 69 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú.
3. An chumhacht a éileamh go soláthraítear deimhniú tástála – Alt 19 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú.

Bronntar na cumhachtaí seo a leanas ar Ghardaí Cúltaca faoi chúinsí áirithe mar iarmhairt nádúrtha ar na cumhachtaí a luaitear thuas:

Cumhacht ghabhála gan bharántas

- Alt 40(4) (a) agus (b) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú
  - Alt 69(5) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú
4. Cumhacht choinneála feithicil faoi thiomáint mheicniúil faoi Alt 41 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, arna leasú.
  5. An chumhacht gluaiseacht tráchta a rialáil – Alt 91 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú.
  6. An chumhacht iarraidh ar dhuine a bhfuil feithicil á tiomáint acu in áit phoiblí stopadh – Alt 109 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 arna leasú

Bronntar na cumhachtaí seo a leanas ar Ghardaí Cúltaca faoi chúinsí áirithe mar iarmhairt nádúrtha ar na cumhachtaí a luaitear thuas:

Cumhacht ghabhála gan bharántas

- Alt 107 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú

**Gníomh ag Garda Cúltaca cumhacht ghabhála a ghairm de bhun Alt 40(4); Alt 69(5) agus Alt 107 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 arna leasú**

Na cúinsí faoina bhféadfadh sé a bheith riachtanach na cumhachtaí thuasluaite a ghairm, faoi mar a dtugtar cuntas air thíos:

**Alt 40 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú:**

Alt 40(4) is féidir le comhalta den Gharda Síochána gabháil a dhéanamh gan bharántas ar -

- a) aon duine a sholáthraíonn ceadúnas tiomána de bhun an ailt seo don chomhalta ach má dhiúltaíonn sé/sí nó má theipeann air/uirthi a cheadú don chomhalta é a léamh, nó
- b) aon duine a dteipeann air/uirthi nó a dhiúltaíonn, nuair a éilíonn an comhalta sin faoin alt seo air/uirthi a (h)ainm agus a s(h)eoladh a thabhairt nó má thugann sé/sí ainm nó seoladh a chreideann an comhalta go bhfuil forais réasúnta ann lena chreidiúint go bhfuil siad bréagach nó míthreorach.

**Alt 69 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú:**

Alt 69(5) is féidir le comhalta den Gharda Síochána gabháil a dhéanamh gan bharántas ar -

- a) dhuine a sholáthraíonn deimhniú de bhun an ailt seo ach go ndiúltaíonn sé/sí nó go dteipeann air/uirthi a cheadú don chomhalta é a léamh agus a scrúdú, nó
- b) dhuine a dteipeann air/uirthi nó a dhiúltaíonn, nuair a éilíonn an comhalta faoin alt seo air/uirthi a (h)ainm agus a s(h)eoladh a thabhairt nó má thugann sé/sí ainm nó seoladh a chreideann an comhalta go bhfuil forais réasúnta ann lena chreidiúint go bhfuil siad bréagach nó míthreorach.





**Alt 107 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú:**

Alt 107(1) Nuair a líomhnaíonn comhalta den Gharda Síochána do dhuine a bhfuil feithicil faoi thiomáint mheicniúil á húsáid acu go bhfuil an comhalta in amhras go ndearna an duine sin cion sonraithe faoin Acht seo, is féidir leis an gcomhalta a éileamh ar an duine sin a (h)ainm agus a s(h)eoladh a thabhairt agus is féidir leis/léi, má dhiúltaíonn nó má theipeann ar an duine sin ainm nó seoladh a thabhairt a bhfuil forais réasúnta ag an gcomhalta lena chreidiúint go bhfuil siad bréagach nó míthreorach, an duine sin a ghabháil gan bharántas.

Alt 107(2) Nuair atá forais réasúnta ag comhalta den Gharda Síochána lena chreidiúint go ndearnadh cion faoin Acht seo agus nach bhfuil a marc aitheantais faoi Acht na mBóithre, 1920, nó faoi aon achtú eile, ar an bhfeithicil a ndearnadh an cion i ndáil léi, is féidir leis an gcomhalta an duine a ghabháil gan bharántas a bhfuil forais réasúnta ag an gcomhalta lena chreidiúint go raibh an fheithicil á húsáid nuair a creideadh go ndearnadh an cion.

**Cumhachtaí faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994, arna leasú**

Is féidir le Gardaí Cúltaca na cumhachtaí seo a leanas a ghairm i gcás cionta, faoi mar a shainmhínítear san Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994, arna leasú:

1. Alt 8 – Ordú/Má theipeann ort ordú comhalta den Gharda Síochána (do chionta ar leith) a chomhlíonadh
2. Alt 21 – Srianadh rochtana ar imeachtaí áirithe etc.
3. Alt 22 – Deochanna meisciúla etc. a thabhairt suas agus a urghabháil.
4. Alt 24 – Cumhacht le hainm agus seoladh a éileamh/Cumhacht ghabhála gan bharántas

**Gníomh ag Garda Cúltaca cumhacht ghabhála a ghairm de bhun Alt 24 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994, arna leasú:**

- (1) Nuair a dheimhníonn an Garda Síochána go bhfuil cion á dhéanamh ag aon duine faoi fhoráil ábhartha, is féidir leis an gcomhalta an duine sin a ghabhail gan bharántas.
- (2) Nuair atá comhalta den Gharda Síochána faoin tuairim go ndearnadh cion faoi fhoráil ábhartha, is féidir leis an gcomhalta –
  - (a) ainm agus seoladh aon duine a éileamh a bhfuil amhras, agus údar réasúnta leis, ar an gcomhalta go ndearna siad cion den saghas sin nó go bhfuil cion den saghas sin á dhéanamh acu agus é á thabhairt faoi deara ag an gcomhalta, agus
  - (b) aon duine a dteipeann air/uirthi nó a dhiúltaíonn, nuair a éilítear air/uirthi a (h)ainm agus a s(h)eoladh a thabhairt, nó a thugann ainm nó seoladh a chreideann an comhalta go bhfuil forais réasúnta ann lena chreidiúint go bhfuil siad bréagach nó míthreorach
- (3) Beidh aon duine a dteipeann air/uirthi nó a dhiúltaíonn, nuair a éilítear air/uirthi de bhua fho-alt (2), a (h)ainm agus a s(h)eoladh a thabhairt, nó a thugann ainm nó seoladh, nuair a éilítear amhlaidh air/uirthi, atá bréagach nó míthreorach ciontach i gcion.
- (4) Dlífear ar dhuine atá ciontach i gcion faoi fho-alt (3), ar ciontú achomair, fíneáil nach mó ná €1000 nó téarma príosúnachta nach faide ná 6 mhí, nó an dá rud.
- (5) Ciallaíonn “foráil ábhartha” san alt seo alt 4,5,6,7,8,11,13,14,15,16,17 nó 19.

Má tá cúis ag an nGarda Cúltaca cumhacht ghabhála a ghairm a bhronntar in Alt 69(5), Alt 40(4) nó Alt 107 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú, nó Alt 24 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994, arna leasú, tabharfaidh sé/sí an duine a gabhadh go stáisiún Gardaí gan mhoill go ndéileálfar leis/léi i gcomhréir leis an dlí. D’fheadfaí a áireamh leis seo go ndéantar an duine a gabhadh a chúiseamh nó go dtionscnaítear imeachtaí in aghaidh an duine trí thoghairm. Lorgóidh an Garda Cúltaca treoracha agus faomhadh chun an cheist a dhiúscairt óna m(h)aoirseoir féin sula dtosófar ionchúiseamh. Teastaíonn



seo lena chinntiú go gcomhlíontar forálacha Alt 8 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 agus Threoir 24/2012 ón gCeanncheathrú.

**Cumhachtaí gabhála do 'chion inghabhála' faoi mar a bhforáiltear dó in Alt 4(3) den Acht um an Dlí Coiriúil, 1997**

Is féidir le Gardaí Cúltaca cumhacht ghabhála a ghairm do 'chion inghabhála' faoi mar a bhforáiltear dó san Acht um an Dlí Coiriúil, 1997. Tá na cumhachtaí a tharmligeann an Coimisinéir do Gardaí Cúltaca teoranta i leith na gcumhachtaí a dtugtar cuntas orthu thuas.

**Gníomh ag Garda Cúltaca cumhacht ghabhála a ghairm de bhun Alt 4(3) den 1997 den Acht um an Dlí Coiriúil, 1997**

Má fheidhmíonn an Garda Cúltaca a c(h)umhacht ghabhála faoi Alt 4(3) den Acht um an Dlí Coiriúil, 1997, tabharfaidh an Garda Cúltaca an duine a gabhadh chuig stáisiún Gardaí gan mhoill. Míneoidh sé/sí, ar theacht chuig an stáisiún Gardaí, na forais maidir leis an ngabháil don chomhalta i gceannas. Má tá coinneáil faoi fhorálacha Alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 cuí, iarrfaidh sé/sí ar an gcomhalta i gceannas coinneáil an duine ghafa a údarú faoi fhorálacha Alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1984.

Is ag an gcomhalta i gceannas atá an chumhacht coinneáil an duine a gabhadh a údarú.

**Cumhachtaí faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cumhachtaí Forfheidhmithe) (Covid-19), 2020, arna leasú**

Is féidir le Gardaí Cúltaca na cumhachtaí faoi Alt 3 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cumhachtaí Forfheidhmithe) (Covid-19), 2020, arna leasú, a ghairm, a cheadaíonn áitreabh ábhartha a Iontráil, a Iniúchadh, etc.

**Cumhachtaí faoin Acht Sláinte, 1947, arna leasú**

Is féidir le Gardaí Cúltaca na cumhachtaí a ghairm chun cosc a chur ar ghalar tógalach a scaipeadh faoi Alt 31 den Acht Sláinte, 1947, arna leasú.

**Gníomh ag Garda Cúltaca cumhacht ghabhála a ghairm de bhun Alt 31(a) (8) (b) agus 31(a) (11) den Acht Sláinte, 1947 arna leasú**

- (7) Is féidir le comhalta den Gharda Síochána a bhfuil amhras fúthu, agus údar réasúnta leis, go bhfuil foráil á sárú nó gur sháraigh sé/sí rialachán a rinneadh faoi fho-alt (1) a luaitear gur foráil phionósach í, ar mhaithe lena chinntiú go gcomhlíontar an rialachán, an duine a ordú dul i mbun na mbeart siúd a mheasann an duine is riachtanach chun an fhoráil sin a chomhlíonadh.
- (8) (A) Beidh duine, a dteipeann air/uirthi ordú faoi fho-alt (7) a chomhlíonadh gan údarás dleathach nó cúis réasúnta, ciontach i gcion.
  - (b) Is féidir le comhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil gan bharántas a bhfuil cúis réasúnta ag an gcomhalta lena chreidiúint go bhfuil cion á dhéanamh aige/aici, nó go ndearna sé/sí cion faoin bhfo-alt seo.
- (9) Is féidir le comhalta den Gharda Síochána a bhfuil forais aige/aici lena chreidiúint go bhfuil cion á dhéanamh, nó go ndearna sé/sí cion faoin alt seo iarraidh ar an duine a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh a lua.
- (1) Beidh aon duine a dteipeann air/uirthi nó a dhiúltaíonn a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh a lua i gcomhlíonadh ceanglais faoi fho-alt (9), nó, a luann ainm nó seoladh atá bréagach nó míthreorach, agus iad ag maíomh go bhfuil an riachtanas sin á chomhlíonadh acu, ciontach i gcion.
- (11) Is féidir le comhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil gan bharántas a bhfuil cúis réasúnta ag an gcomhalta lena chreidiúint go ndearna sé/sí cion faoi fho-alt (10).

Lorgóidh an Garda Cúltaca treoracha agus faomhadh chun an cheist a dhiúscairt óna m(h)aoirseoir féin sula dtosófar ionchúiseamh. Teastaíonn seo lena chinntiú go gcomhlíontar forálacha Alt 8 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 agus Threoir 24/2012 ón gCeanncheathrú.

### **Fianaise i leith gabhála, cúisimh agus rabhaidh tar éis do Gharda Cúltaca gabháil a dhéanamh**

Tabharfaidh an Garda Cúltaca, ar éisteacht leis an gceist den chéad uair roimh an gcúirt, fianaise i leith gabhála, cúisimh agus rabhaidh don chúirt, nó má thugtar fianaise i leith gabhála, cúisimh agus rabhaidh trí dheimhniú, síneoidh Garda Cúltaca an deimhniú faoi mar a bhforáiltear dó faoi Alt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997.

### **Toghairmeacha**

#### *Iarratas ar thoghairm*

Is féidir le Garda Cúltaca toghairm a dhéanamh leis na Cúirteanna d'aon chion a braitheadh, faoi mar a dtugtar cuntas air sa Bheartas seo.

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach riachtanach go ndéanann an comhalta braite (Garda nó Garda Cúltaca lánaimseartha) iarratas pearsanta ar ionchúiseamh a thosú. Próiseas riaracháin é seo ar féidir le haon Gharda tabhairt faoi thar ceann Garda/Garda Cúltaca eile.

#### *Éisteacht le ceist achomair os comhair na cúirte*

Ar éisteacht le hionchúiseamh i ngeall ar chion a bhraith Garda Cúltaca, caithfidh an Garda Cúltaca sin freastal ar éisteacht an cháis le fianaise a thabhairt ar na cúinsí a bhaineann le brath an chiona.

### **Aguisín 2 - Cúram Leighis**

Beidh teacht iomlán ag Garda Cúltaca ar an bPríomhoifigeach Leighis agus ar na saoráidí ag Roinn Sláinte Cheirde an Gharda Síochána do cheisteanna a bhaineann leis an nGarda Síochána. Cuirfear na vacsaínithe cú uile ar fáil.

**Nóta: Tá ról an Phríomhoifigigh Leighis teoranta do chinneadh a dhéanamh faoi inmhe dualgais comhalta agus níl ról dochtúir cóireála aige/aici.**

### **Breoiteacht**

Tá an fhreagracht ar Gharda Cúltaca a dtagann breoiteacht air/uirthi agus nach bhfuil in inmhe seal dualgais lena gcomhaontaítear é seo a thabhairt le fios láithreach don Sáirsint ar dualgas. Nuair nach bhfuil an Garda Cúltaca atá i gceist in inmhe dualgais dualgas a atosú arís eile, tabharfar fógra don Sáirsint ar dualgas. Ní cheadófar do Ghardaí Cúltaca a thagann i láthair ag a ngnátháit fostaíochta agus breoiteacht orthu tabhairt faoi dhualgais Gharda Cúltaca i rith na tréimhse sin breoiteachta. Mura dtagann Garda Cúltaca i láthair agus é/í in inmhe dualgais i ndiaidh dhá sheal dualgas i ndiaidh a chéile lena gcomhaontaítear, b'fhéidir go dteastóidh teastas dochtúra (nó cóip de).

### **Gortú ar Dualgas**

Ba cheart do Ghardaí Cúltaca a ghortaítear agus iad ar dualgas na fíricí a thuairisciú ó bhéal agus i dtuairisc scríofa dá maoirseoir féin gan mhoill. Ag brath ar chineál agus tromchúise an ghortaithe, b'fhéidir go mbeidh scrúdú ag teastáil ó Phríomhoifigeach Leighis an Gharda Síochána le hinmhe dualgais bhreise a dheimhniú.

### **Gortú as Dualgas**

Ba cheart do Ghardaí Cúltaca a ghortaítear ar bhealach ar bith agus iad as dualgas na fíricí a thuairisciú ó bhéal agus i dtuairisc scríofa dá maoirseoir féin gan mhoill. Ag brath ar chineál agus tromchúise an



ghortaithe, b'fhéidir go mbeidh scrúdú ag teastáil ó Phríomhoifigeach Leighis an Gharda Síochána le himmhe dualgais bhreise a dheimhniú.

### Toircheas

Ba cheart do Ghardaí Cúltaca a nOifigeach Ceantair/ Ceannfort Ábhartha a chur ar an eolas, i scríbhinn, a luaithe agus a chuirtear ar an eolas iad go bhfuil siad torrach. Cuirfear an tuairisc faoi bhráid an Oifigigh Cheantair/an Cheannfoirt Ábhartha agus an Chigire Idirchaidrimh Roinne go díreach. Is féidir iarraidh ar Ghardaí Cúltaca deimhniú a thabhairt ó lia-chleachtóir a dheimhníonn toircheas.

Tar éis an tuairisc sin a fháil, pléifidh an Cigire Idirchaidrimh Roinne leis an nGarda Cúltaca conas a dhéanfar í a imlonnú ón tráth sin go dtí go saolófar a leanbh.

**NB: Ní cheadófar do Ghardaí Cúltaca atá ar shaoire mháithreachais óna ngnáthfhostaíocht tabhairt faoi dhualgais an Gharda Síochána.**

### Aguisín 3 - Gardaí Cúltaca atá Fostaithe go Rialta lasmuigh den Gharda Síochána

- Nuair atá Garda Cúltaca fostaithe go rialta, tabharfar paca eolais ón nGarda Síochána don fhostóir rialta, agus le cead ón nGarda Cúltaca. Tabharfar cuntas sa phaca eolais ar éiteas Chúltaca an Gharda Síochána, ar a ról agus a fheidhm. Míneofar ann don fhostóir go bhfuil an dualgas deonach agus go dtabharfar faoi i rith am saor an chomhalta. Míneofar freisin oibleagáidí chun freastal ar an gcúirt. Míneofar sa phaca ról fhoireann an fhostóra mar chomhalta Chúltaca an Gharda Síochána. Ar an iomlán, déanfaidh sé iarracht a mhéid eolas agus is féidir a thabhairt don fhostóir maidir le hoibriú Chúltaca an Gharda Síochána. Meastar go bhfuil seo riachtanach le dea-chaidreamh a chothú idir an fhostóir agus an Garda Cúltaca agus lena chinntiú gur féidir leis an nGarda Cúltaca tabhairt faoina ndualgas le dea-thoil a bhfostóra.
- Lena chinntiú nach mbeidh aon choimhlint leasa ann, cuirfidh aon Ghardaí Cúltaca, i gcaitheamh dá bhfostaíocht sheachtrach, atá ar conradh, nó ar bhealach eile, chun seirbhís a sholáthar don Gharda Síochána, gach páirtí ar an eolas ar a ról mar Gharda Cúltaca sula soláthrófar seirbhís den saghas sin.

### Sosanna Gairme/Ceadanna Neamhláithreachta

Mar gheall go bhfuil Cúltaca an Gharda Síochána deonach, ní dhéantar aon soláthar do Shosanna Gairme ná do Cheadanna Neamhláithreachta.